Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2017**
**(OR. en)**

**10662/17**

**POLGEN 99**
**POLMAR 25**
**COMAR 28**
**AGRI 355**
**CLIMA 200**
**ENV 644**
**PECHE 267**
**RELEX 570**
**TRANS 296**
**COMPET 515**
**RECH 249**
**ECOFIN 581**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9826/17 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bhFás Gorm |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na conclúidí ón gComhairle maidir leis an bhfás gorm, mar a ghlac an Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) iad
ar an 26 Meitheamh 2017.

**Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bhFás Gorm**

Fógraíonn Comhairle an Aontais Eorpaigh

AG FÉACHAINT DON MHÉID A LEANAS:

– na conclúidí ó Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí an 21/22 Meitheamh 2007 [1];

– an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le beartas muirí comhtháite don Aontas Eorpach, a tíolacadh an 10 Deireadh Fómhair 2007, agus an plean gníomhaíochta a ghabhann leis[2];

– na conclúidí ó Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí an 14 Nollaig 2007[3];

– an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis Eorpach le haghaidh taighde ar chúrsaí mara agus muirí: Creat comhleanúnach an limistéir Eorpaigh taighde a thacaíonn le húsáid inbhuanaithe a bhaint as na haigéin agus as na farraigí, an 3 Meán Fómhair 2008[4];

– an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le forbairt ar an ngné idirnáisiúnta den bheartas muirí comhtháite don Aontas Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2009[5];

– an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le heolas muirí 2020: Breathnóireacht agus sonraí muirí le haghaidh fás cliste inbhuanaithe an 8 Meán Fómhair 2010[6];

– an tuarascáil ar dhul chun cinn ón gCoimisiún maidir le beartas muirí comhtháite don Aontas Eorpach an 15 Deireadh Fómhair 2009 agus an 11 Meán Fómhair 2012[7];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le comhtháthú an fhaireachais mhuirí an 17 Samhain 2009 agus an 23 Bealtaine 2011[8];

---

[1] 11177/1/07 REV 1, mír 43
[2] 14631/07 + ADD 1-5
[3] 16616/1/07 REV 1, mír 58
[4] 12699/08
[5] 14360/09
[6] 13455/10 + ADD 1-2
[7] 14363/09 + ADD 1 agus 13715/12 + ADD 1
[8] 15176/2/09 REV 2 agus 9250/11

– an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bhfás gorm: deiseanna d'fhás inbhuanaithe i gcúrsaí mara agus muirí an 13 Meán Fómhair 2012[9];

– Dearbhú Limassol ó na hairí Eorpacha atá freagrach as an mbeartas muirí comhtháite agus ón gCoimisiún Eorpach, maidir le clár mara agus muirí le haghaidh fáis agus post a glacadh ar an 8 Deireadh Fómhair 2012[10];

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis an mbeartas muirí comhtháite ó mhí na Nollag 2008, an 16 Samhain 2009, an 14 Meitheamh 2010, an 19 Nollaig 2011, an 11 Nollaig 2012 agus an 25 Meitheamh 2013[11], chomh maith leis na conclúidí ón gComhairle an 24 Meitheamh 2014 maidir leis an mbeartas muirí comhtháite lena n-aithnítear an gá atá le rialachas idirnáisiúnta aigéan níos láidre[12]; an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis mhuirí a fhorbairt do limistéar an Aigéin Atlantaigh, an 21 Samhain 2011[13], an teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil le plean gníomhaíochta maidir le straitéis mhuirí i limistéar an Atlantaigh: Fás cliste inbhuanaithe cuimsitheach a chur ar fáil an 13 Bealtaine 2013[14];

– an teachtaireacht chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach ar mhaithe le réimse muirí domhanda a bheadh oscailte agus slán: gnéithe le haghaidh straitéis Eorpach um shlándáil mhuirí' an 6 Márta 2014[15];

– an straitéis Eorpach um shlándáil mhuirí a glacadh an 24 Meitheamh 2014[16];

– an teachtaireacht ón gCoimisiún i ndáil leis an nuálaíocht sa gheilleagar gorm: an leas is fearr is féidir a bhaint as ár bhfarraigí agus ár n-aigéin le haghaidh post agus fáis an 13 Bealtaine 2014[17];

---

9 13908/12
10 14792/12
11 16503/1/08 REV 1, 15175/1/09 REV 1, 10300/10, 18279/11, 16553/12 + COR 1 agus 10790/13
12 11204/14
13 17387/11
14 9627/13
15 7537/14
16 11205/14
17 9770/1/14 REV 1 + ADD 1

– an teachtaireacht chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle 'Beartas Comhtháite an Aontais Eorpaigh don Artach' an 27 Aibreán 2016[18];

– na conclúidí ón gComhairle maidir leis an Artach an 20 Meitheamh 2016[19];

– na conclúidí ón gComhairle "An ciorcal a shlánú - plean gníomhaíochta an Aontais don gheilleagar chiorclach" an 20 Meitheamh 2016[20];

– straitéis dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mbeartas eachtrach agus slándála[21];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis dhomhanda an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme i réimse na slándála agus na cosanta an 14 Samhain 2016[22];

– an teachtaireacht ón gCoimisiún "Na chéad chéimeanna eile le haghaidh todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: gníomh Eorpach don inbhuanaitheacht" an 22 Samhain 2016[23];

– an teachtaireacht chomhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach 'Rialachas idirnáisiúnta aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan'[24];

– na conclúidí ón gComhairle maidir le rialachas idirnáisiúnta aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan an 3 Aibreán 2017[25];

– an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an tionscnamh le haghaidh fhorbairt inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm i réigiún na Meánmhara Thiar an 19 Aibreán 2017[26];

– Dearbhú Vaileite ar bheartas iompair muirí an 29 Márta 2017[27] agus Dearbhú Vaileite EUROMED ar an taighde agus ar an nuálaíocht an 4 Bealtaine 2017;

---

18 8408/16
19 10400/16
20 10518/16
21 10715/16
22 14149/16
23 14774/16 + ADD 1
24 14332/16 + ADD 1
25 8029/17
26 8511/17 + ADD 1
27 9331/17

1. AG AITHINT DI go bhfuil na hearnálacha eacnamaíocha mara agus muirí, bíodh gur traidisiúnta nó gur ag teacht chun cinn atá siad, go bhfuil siad tábhachtach don fhás gorm agus d'fhostaíocht na hEorpa; AG DEIMHNIÚ gur geilleagar cothrománach trasearnálach é an geilleagar gorm agus AG LEAGAN BÉIM ar chumas nuálaíochta an gheilleagair ghoirm lena spreagtar an t-iomaíochas agus inbhuanaitheacht, sábháilteacht agus slándáil na hearnálacha mara agus muirí; AG AITHINT DI an gá atá le leas inbhuanaithe a bhaint as ár n-aigéin agus an gá le creat rialála cobhsaí ar a mbraitheann gníomhaíochtaí muirí;

2. AG ATHDHEIMHNIÚ gur le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige a leagtar amach an creat dlíthiúil faoina gcuirtear na gníomhaíochtaí uile ar na haigéin agus ar na farraigí i gcrích;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI comhdháil neamhfhoirmiúil rathúil na n-airí maidir leis an bhfás gorm a d'eagraigh Uachtaránacht Mhálta i Vaileite ar an 20 Aibreán 2017, lenar tugadh tosaíocht pholaitiúil d'fhonn spreagadh nua a chruthú le haghaidh an bheartais thrasearnálaigh sin, lena bhforbrófar tuilleadh straitéis 2012 an Aontais maidir leis an bhfás gorm agus lena gcuirfear chun cinn é, agus lena bhfeabhsaítear cumas eacnamaíoch na hEorpa muirí; AG AITHINT DI ról agus rannchuidiú na ngeallsealbhóirí agus na ngníomhaithe uile i gcúrsaí mara agus muirí;

4. FORMHUINÍONN SÍ ábhar Dhearbhú Vaileite, atá i gceangal leis seo, ó na hairí Eorpacha atá freagrach as an mbeartas muirí comhtháite maidir leis an bhfás gorm[28] agus AITHNÍONN SÍ gur rannchuidiú luachmhar é an dearbhú d'fhonn an fás gorm a stiúradh amach anseo, a thacaíonn le fás, nuálaíocht, iomaíochas agus cumas cruthú post an gheilleagair ghoirm; IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún leanúint ar aghaidh chun deireadh a chur le bacainní ar an bhfás, leanúint le cur chun cinn cur chuige atá bunaithe ar an gcomhpháirtíocht, borradh a chur faoin infheistíocht agus ár n-aigéin a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe;

5. FORMHUINÍONN SÍ an méid atá sa teachtaireacht i ndáil leis an tionscnamh maidir le forbairt inbhuanaithe an gheilleagair ghoirm i réigiún na Meánmhara Thiar agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an creat rollach gníomhaíochta a thagann leis mar gur cur chuige muirí é atá comhroinnte le tíortha comharsanacha agus a bhfuil d'aidhm aige poist agus fás a chruthú sa réigiún sin, trí fheabhas a chur ar an tsábháilteacht agus ar an tslándáil, trí bhorradh a chur faoin nuálaíocht agus faoin bhforbairt scileanna agus trí rialachas aigéan inbhuanaithe a chur chun cinn;

[28] 8037/17

6. AITHNÍONN SÍ, maidir le tíortha comhpháirtíochta an Deiscirt, gur gá dóibh tionscnamh na Meánmhara Thiar a fhormhuiniú, d'fhonn tionscnamh comhroinnte a dhéanamh de go fírinneach, gur gá dóibh comhoibriú chun struchtúr rialachais a chur ar bun dó agus comhoibriú go háirithe chun tascfhórsa a bhunú i nasc níos dlúithe le próiseas an Aontais don Réigiún Meánmhuirí agus IARRANN SÍ ar na tíortha atá i gceist, ar an gCoimisiún Eorpach agus ar Ardrúnaíocht an Aontais don Réigiún cur chun feidhme an tionscnaimh sin a chur chun cinn i gcomhchuibheas leis na tionscnaimh eile go léir atá ag tarlú sa réigiún; CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil raon feidhme gníomhaíochta an tionscnaimh oscailte do chomhpháirtithe eile, chomh maith leis na sochair a d'fhéadfadh a bheith aige;

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an doiciméad inmheánach oibre maidir leis an bhfás gorm[29] agus an doiciméad inmheánach oibre maidir leis an turasóireacht farraige[30], agus, ar bhonn an phlé ag comhdháil na n-airí in Vaileite, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach leanúint de bheith ag obair go dlúth leis na Ballstáit agus tograí nithiúla a thabhairt chun cinn le haghaidh obair leantach;

8. Maidir leis na hUachtaránachtaí a bheidh ann amach anseo, TACAÍONN SÍ lena n-iarrachtaí agus le hiarrachtaí na mBallstát, atá á ndéanamh chun bheith i dtús cadhnaíochta chun geilleagair ghorma inbhuanaithe a fhorbairt agus chun rannchuidiú leis an bhfás muirí agus leis an tslándáil mhuirí; IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach garspriocanna a leagan síos chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an doiciméad inmheánach oibre maidir leis an bhfás gorm, ar an doiciméad inmheánach oibre maidir leis an turasóireacht farraige agus ar Dhearbhú Vaileite, lena dtógfar ar an bplé a rinneadh ag comhdháil neamhfhoirmiúil na n-airí maidir leis an bhfás gorm ar an 20 Aibreán 2017 agus ar an bplé a bheidh ann amach anseo leis na Ballstáit, agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar fhás gorm na hEorpa mar aidhm aige;

9. TRÉASLAÍONN SÍ leis an Ríocht Aontaithe as an gcomhdháil rathúil maidir le Lá Muirí na hEorpa a tionóladh in Poole an 18-19 Bealtaine 2017 agus TÁ SÍ AG TNÚTH leis na chéad chomhdhálacha eile in Burgas sa Bhulgáir in 2018 agus i Liospóin sa Phortaingéil i mí na Bealtaine 2019; AG MEABHRÚ DI na conclúidí ón gComhairle an 11 Nollaig 2012 ina n-iarrtar ar Bhallstáit spéis a léiriú maidir le Lá Muirí na hEorpa a reáchtáil ó 2020 agus AONTAÍONN SÍ go mbeidh na chéad Chomhdhálacha eile do Lá Muirí na hEorpa á dtionól in 2020 in Corcaigh in Éirinn, in 2021 in Den Helder san Ísiltír, in 2022 in Ravenna san Iodáil, in 2023 in Brest sa Fhrainc agus in 2024 in Svendborg sa Danmhairg.

---

[29] 7978/17
[30] 8158/17

**Dearbhú ó na hairí Eorpacha atá freagrach as an mbeartas muirí comhtháite maidir leis an bhfás gorm**

**Dearbhú Vaileite**

**Tá comhaontaithe againn, na hairí atá freagrach as beartas muirí comhtháite Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, faoi chathaoirleacht Emanuel Mallia, Aire Iomaíochais agus Geilleagair Dhigitigh, Mhuirí agus Seirbhísí Mhálta, agus i láthair Karmenu Vella, comhalta den Choimisiún Eorpach atá freagrach as an gComhshaol agus as Gnóthaí Muirí agus Iascach, ag cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí in Vaileite i Málta ar an 20 Aibreán 2017, an méid seo a leanas:**

1. TACAÍMID le coincheap an gheilleagair ghoirm mar gheilleagar bunaithe ar chúrsaí mara agus muirí atá dea-bhainistithe inbhuanaithe agus a bhfuil d'aidhm aige fás eacnamaíoch inbhuanaithe i gcúrsaí na n-aigéan a thabhairt le chéile leis an bhfeabhas ar shlite beatha agus ar chothromas sóisialta don ghlúin seo agus do na glúine atá le teacht agus tacaímid fosta le córais bhia trédhearcacha iontaofa a bheidh níos cinnte a neartú, ar bhonn chaomhnú na n-éiceachóras muirí agus na bithéagsúlachta agus ar bhonn úsáid inbhuanaithe acmhainní. MOLAIMID go ndéanfaí tuilleadh oibre laistigh den straitéis maidir leis an bhfás gorm d'fonn an luach atá ag aigéin fholláine táirgiúla le haghaidh an fháis ghoirm a shoiléiriú.

2. AITHNÍMID go bhfuil feabhas ar an dul chun cinn maidir leis an bhfás gorm inbhuanaithe agus le deiseanna fostaíochta ó glacadh straitéis an Aontais maidir leis an bhfás gorm in 2012 trí bhearta agus gníomhaíochtaí a shainaithint in earnálacha a bhfuil ardacmhainneacht acu an fás gorm inbhuanaithe agus poist a ghiniúint agus trí rannchuidiú leis an bhforbairt réigiúnach go háirithe i gceantair cois cósta an Aontais, sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus in oileáin an Aontais; ATHDEARBHAÍMID gur cuid shubstaintiúil de straitéis 2020 na hEorpa é an dlús a cuireadh go dtí seo leis an obair chun na cuspóirí a leagtar amach i nDearbhú Limassol maidir le clár mara agus muirí le haghaidh fáis agus post[31] a bhaint amach. AITHNÍMID an ról atá ag gach gníomhaí agus geallsealbhóir mara agus muirí, lena n-áirítear an tionscal, eolaithe agus an tsochaí shibhialta ar fud an Aontais chomh maith leis an rannchuidiú a dhéanann siad agus na cuspóirí sin á mbaint amach acu, agus molaimid a n-obair breise chun a lorg ar fud an domhain a laghdú.

[31] An dearbhú ó na hairí Eorpacha atá freagrach as an mbeartas muirí comhtháite agus ón gCoimisiún Eorpach, maidir le clár mara agus muirí le haghaidh fáis agus post a glacadh ar an **7** Deireadh Fómhair 2012.

*3.* MEABHRAÍMID an ról bunriachtanach atá ag na haigéin don saol, don fhorbairt inbhuanaithe, don fhostaíocht agus don nuálaíocht; LEAGAIMID BÉIM ar an mbrú méadaitheach faoina bhfuil na haigéin, a chuireann teacht aniar na n-éiceachóras muirí i mbaol agus a chuireann an méid a dhéantar le haghaidh maolú agus oiriúnú ar an athrú aeráide i mbaol freisin. ATHDHEARBHAÍMID gur le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige a leagtar amach an creat dlíthiúil faoina gcuirtear na gníomhaíochtaí uile ar na haigéin agus ar na farraigí i gcrích agus lena mbaineann tábhacht straitéiseach toisc gurb é an creat sin bunús an chomhair agus na ngníomhaíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus domhanda san earnáil mara agus muirí. IS DÍOL SÁSAIMH DÚINN an teachtaireacht chomhpháirteach maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus na conclúidí ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir le 'Rialachas idirnáisiúnta aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan' a glacadh ar an 3 Aibreán 2017, chun a áirithiú go n-úsáidtear agus go mbainistítear na haigéin ar bhealach slán sábháilte atá caomhnaithe agus inbhuanaithe.

**4.** AITHNÍMID gur cuireadh feabhsuithe suntasacha ar fáil leis an bhfás gorm ar fud fharraigí agus fho-imchuacha na hEorpa trí mheascán de straitéisí nuálacha de chuid na hearnála tionscail atá dírithe ar ghníomhaíochtaí cumasaithe, lena n-áirítear go háirithe taighde, sonraí, scileanna, pleanáil spásúil mhuirí atá bunaithe ar éiceachóras, tionscnaimh shlándála thrasearnálacha agus maoiniú, chun tacú le coinníollacha le haghaidh na nuálaíochta agus na forbartha sa gheilleagar gorm. CUIRIMID I dTREIS an gá le hiarrachtaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar infheistíochtaí agus ar phoist inbhuanaithe, a chothaíonn spás muirí slán sábháilte, muirthimpeallacht shláintiúil agus rialachas níos fearr aigéan.

5. IS DÍOL SÁSAIMH DÚINN an ról leanúnach atá ag na rialtais náisiúnta agus réigiúnacha, ag na húdaráis áitiúla agus ag na geallsealbhóirí laistigh de na himchuacha agus na fo-imchuacha farraige atá ann cheana agus sna straitéisí macrairéigiúnacha[32], mar aon leis na tionscnaimh agus an dul chun cinn in imchuacha agus i bhfo-imchuacha eile farraige[33], lena n-áirítear go háirithe, an obair leanúnach ar thionscnamh imchuach na Meánmhara Thiar, lena bhféadfaí an bealach a réiteach do straitéis imchuach farraige níos leithne sa Mheánmhuir, agus dearbhú an Aontais don Réigiún Meánmhuirí maidir leis an ngeilleagar gorm[34] á chur san áireamh.

---

[32] Amhail an tAigéan Atlantach, an Mhuir Bhailt agus an Mhuir Aidriad agus an Mhuir Iónach

[33] Amhail an Mheánmhuir, an Mhuir Dhubh agus an Mhuir Thuaidh

[34] Dearbhú an Aontais don Réigiún Meánmhuirí ar an ngeilleagar gorm a glacadh an 17 Samhain 2015

6. TACAÍMID le tionscnaimh chun lucht saothair an gheilleagair ghoirm a ullmhú leis na scileanna agus cailíochtaí ábhartha lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an bhearna scileanna a laghdú go fadtéarmach trí chomhar neartaithe idir an tionsclaíocht agus t-oideachas. IARRAIMID gur gá leas iomlán a bhaint as na scileanna ábhartha dá bhfuil le fáil a chuireann eolas, an nuálaíocht agus an t-iomaíochas chun cinn agus a chuireann bonn faoin ardtáirgiúlacht agus faoin iomaíochas agus faoin bhfás leanúnach. MEABHRAÍMID go bhfuil riar scileanna agus cáilíochtaí ar leibhéal níos airde agus níos leithne de dhíth níos mó agus níos mó ar fud an gheilleagair ghoirm. CUIRIMID CHUN CINN comhar agus malartú dea-chleachtas le cáilíocht an oideachais a fheabhsú agus leis na comhpháirtithe sóisialta a GHRÍOSÚ chun páirt ghníomhach a ghlacadh maidir le tionscnaimh chomhchoiteanna a aimsiú agus a fhorbairt, d'fhonn cáilíochtaí níos inchomparáide a bheith ann agus íomhá dhearfach de na hearnálacha mara agus muirí a chur chun cinn.

7. ATHDHEARAÍMID gur gá nasc níos dlúithe a bheith idir an t-oideachas agus an tionsclaíocht chun oiliúint agus deiseanna poist ábhartha a áirithiú, le soghluaisteacht an lucht saothair agus scileanna inaistrithe sa gheilleagar gorm a chur chun cinn. TACAÍMID le gníomhaíochtaí chun cur le tarraingteacht mara agus muirí d'oibrithe muirí, agus le cothroime iomaíochta shóisialta trí chaighdeáin idirnáisiúnta, na coinbhinsiúin ábhartha idirnáisiúnta agus na comhaontuithe ábhartha eile idir na comhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn agus a fhorghníomhú. CUIRIMID I dTREIS gur gá leanúint de rannpháirtíocht na mban a chur chun cinn sna hearnálacha éagsúla den fhás gorm trí phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná a chothú i gcúrsaí fostaíochta agus slí beatha.

8. TACAÍMID le tionscnaimh nuálacha chun sábháilteacht, slándáil agus cosaint an chomhshaoil inár bhfarraigí agus inár n-aigéin a chaomhnú agus meabhraímid a thábhachtaí atá farraigí folláine don fhás gorm inbhuanaithe. MOLAIMID go ndíreofaí san obair a dhéanfar amach anseo ar thacaíocht a thabhairt do theicneolaíochtaí agus d'earnálacha nua nár baineadh úsáid as an acmhainneacht a bhaineann leo in earnálacha eile go fóill, agus cuirfidh an fios gnó agus an saineolas sin leis an ngeilleagar muirí. CUIRIMID IN IÚL GO LÁIDIR gur cheart aitheantas a thabhairt sa straitéis maidir leis an bhfás gorm amach anseo dá thábhachtaí atá gach earnáil ábhartha den gheilleagar gorm agus an acmhainneacht a bhaineann léi, nithe atá ríthábhachtach ó thaobh luacha agus post amhail fuinneamh aigéin, dobharshaothrú, gnóthaí muirí, turasóireacht cósta agus farraige, loingseoireacht, gníomhaíochtaí calafoirt, dreideáil, tógáil ar chósta agus tógáil ar muir, teicneolaíocht muirí, biteicneolaíocht ghorm, iascach, próiseáil bia agus nithe eile nach iad.

9. TUGAIMID SPREAGADH do thionscnaimh a chuireann geilleagar ciorclach sa gheilleagar gorm chun cinn a bhunaítear ar theicneolaíochtaí glana agus na dea-chleachtais is fearr dá bhfuil le fáil. CUIRIMID CHUN CINN éifeachtúlachta acmhainní agus fuinneamh in-athnuaite, agus ATHDHEARAIMID luach seirbhísí éiceachórais mhuirí, chun an fás gorm agus an fhorbairt inbhuanaithe a spreagadh.

10. TACAÍMID le tuilleadh iarrachtaí chun feabhas a chur ar thaighde muirí agus mara le forbairt inbhuanaithe a áirithiú agus oibriú i dtreo eolas muirí níos éifeachtaí agus níos infheidhme trí na hardáin ábhartha amhail an líonra Eorpach um breathnóireacht agus sonraí muirí agus breathnóireacht níos comhtháite ar aigéin na hEorpa.

11. IARRAIMID ar an Aontas agus ar na Ballstáit leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe gheilleagar muirí agus mara na hEorpa i gcomhthéacs an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI) 2014-2020 gan dochar d'aon phlé a bheidh ann amach anseo. TUGAIMID SPREAGADH do chomhcheangal agus sineirgí níos éifeachtúla idir ionstraimí cistiúcháin, cistí a spriocdhíriú ar bhealach níos fearr, cistiú agus infheistíochtaí trasnáisiúnta a éascú agus úsáid ardáin oiriúnacha infheistíochta, sa taighde agus sa nuálaíocht mar shampla. MEABHRAÍMID a thábhachtaí atá an taighde agus an nuálaíocht chun cuspóirí na straitéise maidir leis an bhfás gorm a bhaint amach agus tá tionscnamh BLUEMED ar cheann de na samplaí sin.

12. IARRAIMID ar an Aontas agus ar na Ballstáit bearnaí agus dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, iad siúd a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an oileánachas den chuid is mó, lena áirithiú gur leor na deiseanna fáis a chuirfear ar fáil do na réigiúin imeallacha oileáin agus cois cósta is faide amach agus go mbaintear tairbhe as na sruthanna ábhartha cistiúcháin uile gan dochar d'aon phlé a bheidh ann amach anseo. Ba cheart gníomhaíochtaí nuálacha sna réigiúin sin dul i ngleic leis na dúshláin agus leis na neamhéifeachtúlachtaí sin trí rochtain a éascú ar mhargaí agus ar sheirbhísí amhail ríomhsheirbhísí sláinte, acmhainneacht uisce, éifeachtúlacht fuinnimh, cur chun cinn an gheilleagair chiorclaigh, chomh maith le taighde d'fhonn an bonn eolais a mhéadú ó thaobh láidreachtaí agus laigí ábhartha, lena n-áirítear creimeadh cósta, gaineamhlú agus aigéadú na n-áigéan.

13. CUIRIMID LE comhar gnó agus trádála chun seasamh an Aontais a choimeád agus a fhorbairt tuilleadh i ndáil le slabhraí luacha domhanda an fháis ghoirm agus le leanúint de phoist a chur ar fáil, a dtugtar tacaíocht dóibh go háirithe trí chomhar leis an eolaíocht, leis na rialtais agus leis an tsochaí shibhialta, agus comhlánú mhargadh inmheánach an Aontais le haghaidh earnalácha an gheilleagair ghoirm amhail earnáil na loingseoireachta gearrthurais.

**14.** ATHDHEARBHAÍMID go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit ar thús cadhnaíochta i gcónaí ó thaobh réitigh inbhuanaithe agus nuálacha a fhorbairt don gheilleagar gorm chun an oiread gnó agus is féidir a dhéanamh agus tuilleadh infheistíochta tionsclaíochta a bheith ann. IS DÍOL SÁSAIMH DÚINN an toradh stairiúil, uaillmhianach ar thángthas air i mí na Nollag 2015 i bPáras, nuair a ghlac an domhan an chéad chomhaontú fíordhomhanda atá ina cheangal de réir dlí, agus é mar rún aige an fhreagairt dhomhanda ar an mbagairt ón athrú aeráide a neartú, i gcomhthéacs na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear an méadú sa mheánteocht dhomhanda a choimeád i bhfad faoi bhun 2°C. TACAIMID le fothú acmhainní, lena n-áirítear tionscnaimh, taighde agus infheistíocht i gcomhair an fháis ghoirm lena gcumasaítear dícharbónú earnálacha an gheilleagair ghoirm agus na sochair a ghabhann leis sin.

15. MOLAIMID tionscnaimh ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach araon ionas go mbainfidh siadsan atá incháilithe cistiú a fháil (FBManna go háirithe) leas iomlán as na deiseanna a chuireann ionstraimí cistiúcháin Eorpacha ar fáil.

16. LEAGAIMID BÉIM ar an ngá an leas is fearr a bhaint as meáin infheistíochta atá oiriúnach chun an bhearna idir forbairt taighde agus glacadh an mhargaidh a laghdú, i gcás fiontar Eorpach a bhféadfadh an-acmhainn a bheith ag gabháil leo, ach lena mbaineann riosca mór.

17. MOLAIMID forbairt comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí agus ardáin den chineál chéanna a bhfuil rún ann caipiteal ó BEI/CEIS a leithdháileadh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais mhaoiniúcháin le haghaidh an fháis ghoirm agus infheistíocht a dhéanamh i gcruthú gníomhaíochtaí inmharthana lena ndírítear ar chlár inbhuanaitheachta.

18. TACAÍMID leis an timpeallacht infheistíochta trí phróisis riaracháin a dhéanamh níos éifeachtúla, trí phleanáil trasteorann, mar shampla, nó trí chuíchóiriú nósanna imeachta ceada i gcomhair tionscadail mhóra.

19. CUIRIMID CHUN CINN a thábhachtaí atá digitiú nuair a áirítear an acmhainneacht mhillteach atá ann barr feabhais a chur ar ghnéithe teicniúla agus oibríochtúla na hearnála muirí agus mara, lena n-áirítear simpliú riaracháin. ÉILÍMID gur gá leas níos fearr a bhaint as na sonraí agus as an bhfaisnéis atá ar fáil trí chomhroinnt faisnéise agus na tairbhí a ghabhann leis sin a chur chun cinn, amhail dúbailt iarrachtaí a sheachaint agus ualaí riaracháin a laghdú, agus úsáid a bhaint as ionstraimí agus uirlisí atá ann i dtaca le sonraí a bhailiú agus a chomhroinnt i measc Bhallstáit an Aontais.

20. AITHNÍMID go bhfuil an-acmhainneacht ag baint le turasóireacht farraige ó thaobh post agus fáis de, lena n-áirítear i gcás na réigiún iargúlta nach bhfuil ach gníomhaíochtaí teoranta eacnamaíocha ann, MEABHRAÍMID go bhfuil roinnt dúshlán os comhair na turasóireachta farraige a chuireann isteach ar bhreisfhorbairt a dhéanamh ina taobh, nithe amhail easpa nuálaíochta agus éagsúlaithe, níos mó iomaíochta ar fud an domhain, luaineacht éilimh agus séasúrachta, neamhréir idir scileanna agus cáilíochtaí agus brúnna comhshaoil atá ag dul i méid. CUIRIMID CHUN CINN soghluaiseachta oibrithe san earnáil turasóireachta farraige.

21. MOLAIMID cuimsiú gníomhaíochtaí mara agus muirí sna straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha um speisialtóireacht chliste agus lena bhforbairt, agus tionscnaimh ábhartha imchuacha farraige, fo-imchuacha farraige agus straitéisí ábhartha macrairéigiúnacha de réir mar is iomchuí a chur san áireamh.

22. MEABHRAÍMID an breisluach a bhaineann le comhar réigiúnach i ngach imchuach farraige agus i ngach fo-imchuach farraige Eorpach mar bhealach le hidirphlé agus comhar idir na Ballstáit cois cósta lena mbaineann a chur chun cinn, lena n-áirítear tíortha nach tíortha den Aontas iad i gcomhréir le beartas forbartha an Aontais agus tosaíochtaí coiteanna a bhunú maidir le forbairt an gheilleagair ghoirm.

23. MOLAIMID cur chun feidhme na straitéise Eorpaí um shlándáil mhuirí agus príomhghníomhaíochtaí amhail cur chun cinn feasachta ar réimsí muirí agus comhthathú an fhaireachais mhuirí, comhar feabhsaithe idir údaráis shibhialta agus údaráis mhíleata, agus comhar maidir le feidhmeanna garda cósta, i gcomhréir leis an gcreat dlí bunaithe. TACAÍMID LE leas comhsheasmhach a bhaint as na hionstraimí ábhartha an Aontais agus idirnáisiúnta uile agus réitigh oibríochtúla an Aontais agus idirnáisiúnta uile atá ann cheana agus iad a fhorbairt tuilleadh chun go n-éascófar comhar trasearnála, amhail an Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise (CISE) agus córais chomhtháite mhuirí eile agus seirbhísí comhtháite muirí eile, chun go gcuirfear feabhas ar chomhroinnt faisnéise idir an tAontas agus na Ballstáit.

**24.** MEASAIMID gur cheart don Aontas agus do na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí chun na haigéin agus na farraigí a chosaint ar iarmhairtí agus tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide, agus lena áirithiú, laistigh d'uiscí mara Bhallstáit an Aontais, go ndéanfar na hiarmhairtí carnacha a ghabhann leis sin, lena n-áirítear an brú ó ghníomhaíochtaí daonna a choimeád laistigh de leibhéil a oireann do stádas maith comhshaoil a bhaint amach faoi 2020 mar a leagtar amach sa Straitéis Mhuirí[35], *inter alia* Pleanáil Spásúil Mhuirí[36]. IARRAIMID go ndéanfar an fás gorm a chomhtháthú tuilleadh sa phlé maidir le cur chun feidhme sprioc forbartha inbhuanaithe 14 agus idirspleáchas na dtrí shaincheist eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil de chlár oibre 2030 a chur san áireamh. Sa chomhthéacs sin, LEAGAIMID BÉIM ar a thábhachtaí atá sé seasmhacht na n-éiceachóras muirí a chosaint, a athneartú agus a chaomhnú, fágann sé sin go bhfuil siad in áit níos fearr chun na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide a shárú le linn dóibh a bheith ag cur le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó sin.

**25.** IARRAIMID ar an gComhairle an dearbhú seo a fhormhuiniú mar chuid shubstaintiúil de thosaíochtaí an Aontais le haghaidh post, fáis agus infheistíochta agus a iarraidh ar na hUachtaránachtaí atá ag teacht, i ndlúthchomhar le hinstitiúidí eile de chuid an Aontais, tabhairt faoi thionscnaimh iomchuí agus garspriocanna a leagan sios, agus an dearbhú seo á úsáid mar bhonn, chun straitéis 2012 an Aontais maidir leis an bhfás gorm a fhorbairt tuilleadh agus í a chur chun feidhme.

---

[35] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais chomhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí)

[36] Treoir 2014/89/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat do phleanáil spásúil mhuirí